

Rialacha i gcomhair Léitheoirí

Tá na rialacha seo i bhfeidhm lena chinntiú go gcoinneofar slán na bailiúcháin atá faoinár gcúram agus go ndéanfar iad a chaomhnú, agus chun féachaint chuige go mbeidh ár léitheoirí agus ár mbaill foirne slán sábháilte.

Cead isteach chuig na seomraí léitheoireachta

- Beidh ticéad léitheora bailí ag teastáil uait más mian leat staidéar nó taighde a dhéanamh sna seomraí léitheoireachta.
- Is féidir ticéad léitheora a eisiúint d'aon duine atá 16 bliana d'aois nó níos sine.
- Ní mór duit do thicéad a thaispeáint sula n-eiseofar earraí duit
- Ní cheadaítear cótaí don taobh amuigh, seaicéid ná málaí a thabhairt isteach agus ní mór iad a fhágáil sna taisceadáin atá ar fáil dóibh.
- Ní cheadaítear ach pinn luaidhe a úsáid. Ní cheadaítear pinn, marcóirí, aibhsitheoirí ná aon uirlisí géara a úsáid mar go bhféadfaidís dochar a dhéanamh do na bailiúcháin.
- Ní cheadaítear bia ná deoch a thabhairt isteach.

Meas ar dhaoine eile

- Bheimis buíoch díot ach caitheamh lenár mbaill foirne agus le léitheoirí eile le cúirtéis agus le meas.
- Caithfidh ríomhairí glúine, táibléid, fóin agus gléasanna eile a bheith balbhaithe, agus níor cheart go gcuirfidís isteach ar léitheoirí eile.

Conas na bailiúcháin a úsáid

- Leabharlann tagartha amháin is ea Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ní féidir earraí a thabhairt leat as na seomraí léitheoireachta.
- Ní mór na hearraí sna bailiúcháin a láimhseáil go breá cúramach i gcónaí. Lean na treoracha ónár mbaill foirne, ós rud é gur saineolaithe iad i dtaobh aire a thabhairt do na bailiúcháin
- Nuair a eisítear earraí ónár mbailiúcháin duit, is tusa atá freagrach astu i gcónaí. Sín isteach chuig baill foirne an tseomra léitheoireachta iad le do thoil agus tú ag imeacht, fiú ar feadh seal gairid.
- Más mian leat cóip a dhéanamh d'ábhar ónár mbailiúcháin, iarr cead ar bhall foirne roimh ré. Féadfar gléasanna digiteacha a úsáid chun íomhánna a ghlacadh. Ní cheadaítear splanc-ghrianghrafadóireacht.
- Má tá cóip ionaid d'earra ar fáil ar mhicreascannán nó i bhfoirm íomhá dhigiteach sa chatalóg ar líne atá againn, ní eiseofar an t-earra bunaidh.
- I Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní, ní féidir le léitheoirí ach breathnú ar fhilleán amháin d'ábhar scaoilte ag an am céanna. Ní mór an t-ábhar san fhilleán a choinneáil san ord ina bhfuil sé.

I gcomhair tuilleadh sonraí faoi na treoirlínte maidir le láimhseáil shábháilte, féach anseo [\[nasc\]](#)